CEACHT 29

SA SIOPA MILSEÁN



Pictiúr: Radharc:

Sa siopa, Máire agus Treasa ag ceannach píosaí airgid, an siopadóir, Aintín Nóra; comhartha ceiste, barra seacláide, úlla, sé phingin, le cur sa chiorcal cainte de réir bhrí na cainte. Treasa ag tabhairt deich bpingin don siopadóir, úll agus briseadh ina láimh aici, an bheirt chailín ina suí ar thaobh an bhóthair agus iad ag ithe.

Gníomhartha agus geáitsíocht a dhéanamh de réir mar a bhíonn gá leo.

CÉIM 1. CLOISTEÁIL AGUS AITHINT

Cuntas Reatha

Tháinig Aintín Nóra ar cuairt lá. Thug sí airgead do na leanaí. Amach leo go dtí siopa milseán.

Agallamh

SIOPADÓIR: Dia daoibh, a pháistí. Cad atá uaibh?
MÁIRE: Dia is Muire duit, a shiopadóir. Tá barra seacláide uaim más é do thoil é.
SIOPADÓIR: Seo duit, a Mháire. Cad fútsa anois, a Threasa?
TREASA: Cé mhéad atá ar na húlla?
SIOPADÓIR: Sé phingin an ceann.

Cuntas Reatha

Thug Treasa deich bpingin dó. Fuair sí úll agus briseadh ceithre phingin uaidh. Bhí féasta breá acu ar an mbóthar abhaile.

CÉIM 2. AITHRIS

CÉIM 3. ATHRÁ Ó SPREAGTHAIGH

(a) Spreagthaigh shúl (mar atá i gCéim 1);
(b) Spreagthaigh shúl:

Cé a tháinig go dtí an teach?
Thug sí rud éigin do na leanaí?
Agus ansin?

Tusa an siopadóir, cuir fáilte rompu. Agus cuir ceist orthu.
Beannaigh dó, a "pháistí".
Inis dó, a "Mháire", cad atá uait.
Tabhair di é, a "shiopadóir". Cuir ceist ar Threasa anois, a "shiopadóir".
Tusa Treasa, cuir ceist ar an siopadóir faoi na húlla.
Inis di, a "shiopadóir".

Cad a thug Treasa dó?
An bhfuair sí rud éigin uaidh?
Céard faoin bhféasta?

CÉIM 4. CLEACHTADH MÚNLAÍ AGUS FOCLÓRA

1. Tá barra seacláide **uaim.**
   (mise; eisean; ise; iadsan; Seán).

   Ainmfhocail eile seachas **barra seacláide** a úsáid anseo.

2. **Thug** Treasa deich bpingin dó.
   (amárach; gach lá; anois; níor, ar? **inné;** ní, an? **amárach;** ní, an? **gach lá).**

3. **Fuair** sí úll.
   (amárach; gach lá; anois; dá mbeadh airgead aici; ní, an? **inné;** ní, an? **amárach;** ní, an? **gach lá).**

   Forainmneacha Réamhfhoclacha eile e.g. **di; dom; duit; dúinn; dóibh** sna cleachtaí seo.

4. Le cabhair geáitsíochta páistí a mhealladh chun na bearnaí sna habairtí seo a leanas a líonadh ar bhealaí éagsúla:

   Cé mhéad atá ar . . . . . ?
   Tá . . . . . uaim.
   Cad mar gheall ar . . . . . ?

   Freagraí ó pháistí eile.

CÉIM 5. SAORCHOMHRÁ CRUTHAITHEACH

1. Aithris ar an mbunchomhrá.

2. Dráma:
   Páiste mar shiopadóir—páistí eile ag ceannach.

3. Fuair tú airgead ar do bhreithlá—inis mar a chaith tú é.

4. Lá a chaith tú ag siopadóireacht le Mamaí—an scéal a insint.

5. Dráma:
   Briseann gadaí isteach sa siopa.

Rann Ceoil (An ceol ar théip)

I

Is maith linn Aintín Nóra,
Mar tá sí an-deas.
Nuair a thagann sí ar saoire chugainn
Is uirthi a bhíonn an meas.

II

Is maith linn Aintín Nóra,
Mar tá sí an-fhlaithiúil,
Is tugann sí roinnt airgid dúinn,
Le haghaidh milseán is úll.

Curfá
Barra seacláide, úll mór buí,
Brioscaí, milseáin is oráistí.

COMHRÁ MÍFHOIRMIÚIL

A

An raibh tú ag siopadóireacht inné (le déanaí)?
Céard a cheannaigh tú?
An raibh mórán airgid agat?
Cé mhéad milseán a cheannaigh tú?
Cé mhéad a bhí orthu?
Cén briseadh a fuair tú as punt?
Ar cheannaigh tú úlla, seacláid, bananaí, etc.?
Ainmnigh roinnt siopaí éagsúla atá ar eolas agat:
m.sh., siopa éadaigh; siopa bróg; siopa bréagán, etc.

B

Druileanna a dhéanamh ar chuid de na briathra seo a leanas san Aimsir Ghnáthláithreach:
Oscail, Siúil, Dún, Bain, Suigh, Croch.

Cén t-am a **shroicheann** tú an scoil gach maidin?
Céard (Cad) a **dhéanann** tú ansin? (**Osclaím** an doras).
Agus ansin? (**Siúlaim** isteach).
An **ndúnann** tú an doras i do dhiaidh?
Céard a **dhéanann** tú le do chóta?
An **gcrochann** tú suas é?
Céard a **dhéanann** tú ansin?